C/2023/855

10.11.2023

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas leasaithe chaighdeánaigh ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2023/855)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([1]).

FORMHEAS LEASAITHE CHAIGHDEÁNAIGH A CHUR IN IÚL

'Saarländischer Landwein'

PGI-DE-A1302-AM01

Dáta teachtaireachta: 19.10.2023

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS CÚISEANNA LEIS

1. **Tuairisc ar na hathruithe**

a) *Tuairisc ar na fíonta*

Beidh na tuairiscí ar na fíonta foroinnte amach anseo i bhfíonta geala, fíonta dearga, fíonta rosé agus fíonta Rotling agus tabharfar tuairisc aonair ar a gcuid saintréithe orgánaileipteacha. Baineadh na sonraí ar a gcuid saintréithe anailíseacha agus cuireadh tagairt don reachtaíocht is infheidhme ina n-ionad.

Níor athraíodh na sonraí a bhaineann leis an meáchan úrfhíona íosta/an neart alcóil iomláin íosta. Mar gheall ar struchtúr nua na sonraíochta táirge, áfach, tá na sonraí sin san áireamh anois sa tuairisc ar na fíonta.

AN MÉID A CUIREADH LEIS:

Fíonta geala

Fíonta aonchineálacha iad an chuid is mó de na fíonta geala. Is minic dá bhrí sin go mbíonn saintréith mhín torthaí acu atá sonrach don chineál fíniúna. I bhformhór na gcásanna, bíonn aigéadacht láidir acu chomh maith le struchtúr aigéid chomhchuí. Ar an iomlán, is minic a bhíonn tathag torthaíoch fíneáilte acu atá mar shaintréith den bhlas foriomlán. Is féidir (freisin) réimse níos éagsúla de dhea-bholaithe agus de dhathanna (suas go oráiste) a bheith ann nó, nuair a chroitear iad, modarthacht nádúrtha shuntasach (e.g. ó ghiosta coipthe, moirt úrfhíona nó tainnin agus dríodar criostail). Ní cheadaítear, áfach, modarthacht a chruthaítear go saorga trí háiseanna próiseála a chur leis an bhfíon nó mar thoradh ar fhabhtanna san fhíon. Féadfaidh (dá bhrí sin) níos lú de shaintréith thipiciúil na gcineálacha agus carachtar nach bhfuil chomh torthaíoch céanna a bheith sa chumhracht i dteannta le blasanna ocsaídiúcháin, feanólacha nó réaduchtacha. Ag brath ar stíl (roghnaithe) an fhíona, féadfar fíonta atá tainneach agus beagán aigéadach a fháil freisin.

Fíonta rosé agus Blanc de Noir

Táirgtear na fíonta rosé ó chineálacha fíonchaor dearg a fháisctear go séimh agus is gnách go mbíonn dath dearg éadrom orthu. Tá siad difriúil leis na fíonta dearga mar gheall ar a stíl úr, níos éadroime agus a gcion tainnine atá níos ísle go nádúrtha. Cosúil leis na fíonta geala, bíonn blas atá idir mín agus saibhir acu de ghnáth chomh maith le struchtúr aigéid fíneálta ach comhchuí. Bíonn dath fíona ghil ar fhíonta Blanc de Noir. Baineann dea-bholaithe fíneálta de thorthaí agus chaora dearga leo, chomh maith le haigéadacht úr, spleodrach leo de ghnáth. Is féidir (freisin) réimse níos éagsúla de dhea-bholaithe agus de dhathanna a bheith ann nó, nuair a chroitear iad, modarthacht nádúrtha shuntasach (e.g. ó ghiosta coipthe, moirt úrfhíona nó tainnin agus dríodar criostail). Ní cheadaítear, áfach, modarthacht a chruthaítear go saorga trí háiseanna próiseála a chur leis an bhfíon nó mar thoradh ar fhabhtanna san fhíon. Féadfaidh (dá bhrí sin) níos lú de shaintréith thipiciúil na gcineálacha agus carachtar nach bhfuil chomh torthaíoch céanna a bheith sa chumhracht i dteannta le blasanna ocsaídiúcháin, feanólacha nó réaduchtacha. Ag brath ar stíl (roghnaithe) an fhíona, féadfar fíonta atá tainneach a aimsiú freisin.

([1]) IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

Fíonta dearga

Ag brath ar an gcineál fíonchaoire, is gnách go mbíonn dath dearg soiléir ar na fíonta dearga. Ag brath ar an gcaoi a n-aosaítear na fíonta, féadfaidh siad a bheith úr, mín agus torthaíoch, nó tathagach freisin. Is minic a bhíonn dea-bholaithe torthaí chun tosaigh sa bhlas. Bíonn blas atá idir mín agus saibhir acu go ginearálta chomh maith le struchtúr aigéid úir den chuid is mó. Is féidir (freisin) réimse níos éagsúla de dhea-bholaithe agus de dhathanna a bheith ann nó, nuair a chroitear iad, modarthacht nádúrtha shuntasach (e.g. ó ghiosta coipthe, moirt úrfhíona nó tainnin agus dríodar criostail). Ní cheadaítear, áfach, modarthacht a chruthaítear go saorga trí háiseanna próiseála a chur leis an bhfíon nó mar thoradh ar fhabhtanna san fhíon. Féadfaidh (dá bhrí sin) níos lú de shaintréith thipiciúil na gcineálacha agus carachtar nach bhfuil chomh torthaíoch céanna a bheith sa chumhracht i dteannta le blasanna ocsaídiúcháin, feanólacha nó réaduchtacha. Ag brath ar stíl (roghnaithe) an fhíona, féadfar fíonta atá tainneach agus beagán aigéadach a fháil freisin.

Fíonta Rotling

Ag brath ar an rogha maidir leis an gcineál fíniúna, bíonn dath dearg éadrom idir meathdhearg agus dearg láidir ar na fíonta Rotling den chuid is mó. Bíonn a gcuid dea-bholaithe sách torthaíoch de ghnáth, agus uaireanta bíonn siad píosa beag spíosrach. Ag brath ar an gcineál fíniúna a úsáidtear, d'fhéadfadh an tsaintréith torthaí a athrú. Bíonn blas atá idir mín agus saibhir acu go ginearálta chomh maith le struchtúr aigéid úir den chuid is mó. Is féidir réimse níos éagsúla de dhea-bholaithe agus de dhathanna a bheith ann nó, nuair a chroitear iad, modarthacht nádúrtha shuntasach (e.g. ó ghiosta coipthe, moirt úrfhíona nó tainnin agus dríodar criostail). Ní cheadaítear, áfach, modarthacht a chruthaítear go saorga trí háiseanna próiseála a chur leis an bhfíon nó mar thoradh ar fhabhtanna san fhíon. Féadfaidh (dá bhrí sin) níos lú de shaintréith thipiciúil na gcineálacha agus carachtar nach bhfuil chomh torthaíoch céanna a bheith sa chumhracht i dteannta le blasanna ocsaídiúcháin, feanólacha nó réaduchtacha. Ag brath ar stíl (roghnaithe) an fhíona, féadfar fíonta atá tainneach agus beagán aigéadach a fháil freisin.

b) *Críochú an limistéir*

Níor leasaíodh críochú an limistéar ATFC 'Saarländischer Landwein'.

AN MÉID A CUIREADH LEIS: Níor liostaíodh na bardais aonair.

Is féidir an críochú beacht a fheiceáil ar léarscáileanna a thaispeánann teorainneacha na mbardas. Is féidir breathnú ar na léarscáileanna sin ag www.ble.de/eu-qualitaetskennzeichen-wein.

I dtosach, ba ghá 'Saarländischer Landwein' a tháirgeadh sa réigiún a tháirgeann 'Saarländischer Landwein' nó sa stát feidearálach comharsanach Dúiche na Réine-An Phalaitíneacht. Amach anseo, ní mór é a tháirgeadh sa tSárlainn nó i nDúiche na Réine-An Phalaitíneacht.

AN MÉID A CUIREADH LEIS:

Ní mór 'Saarländischer Landwein' a tháirgeadh sa tSárlainn nó sa stát feidearálach comharsanach Dúiche na Réine-An Phalaitíneacht.'

c) *Uastáirgeacht in aghaidh an heicteáir*

Laghdaíodh an uastáirgeacht in aghaidh an heicteáir ó 150 hl/ha go 120 hl/ha.

d) *Cineálacha fíonchaor*

Cineálacha fíonchaor geal

Auxerrois, Bacchus, Bronner, Cabernet Blanc, Calardis Blanc, Calardis Musqué, Chardonnay, Rosa Chardonnay, Felicia, Gelber Muskateller, Goldriesling, Grüner Silvaner, Helios, Johanniter, Kerner, Müller-Thurgau, Muscaris, Phoenix, Roter Elbling, Roter Gutedel, Ruländer, Sauvignac, Sauvignon Blanc, Sauvignon Cita, Sauvignon Gryn, Sauvignon Sary, Sauvitage, Solaris, Souvignier Gris, Weißer Burgunder, Weißer Elbling, Weißer Gutedel, Weißer Riesling.

Cineálacha fíonchaor dearg

Blauer Frühburgunder, Blauer Spätburgunder, Cabernet Cortis, Cabernet Dorsa, Cabernet Franc, Cabernet Sauvignon, Dornfelder, Gamay Noir, Merlot, Müllerrebe, Pinotin, Regent, Rondo, Satin Noir.

- Cuireadh na cineálacha a leanas leis:

Calardis Blanc, Calardis Musqué, Rosa Chardonnay, Felicia, Grüner Silvaner, Helios, Muscaris, Sauvignac, Sauvignon Cita, Sauvignon Gryn, Sauvignon Sary, Sauvitage, Souvignier Gris, Cabernet Franc, Gamay Noir, Pinotin, agus Satin Noir.

Baineadh na cineálacha a leanas den liosta:

Arnsburger, Ehrenbreitsteiner, Ehrenfelser, Faberrebe, Findling, Grüner Veltliner, Huxelrebe, Juwel, Kernling, Merzling, Morio-Muskat, Muskat Ottonel, Optima, Ortega, Perle, Prinzipal, Regner, Reichensteiner, Rieslaner, Roter Muskateller, Roter Traminer, Saphira, Scheurebe, Schönburger, Accent, Acolon, Blauer Limberger, Blauer Portugieser, Bolero, Cabernet Cubin, Cabernet Dorio, Cabernet Mitos, Dakapo, Domina, Dunkelfelder, Prior, Rubinet, Saint Laurent, Syrah.

e) *Ceanglais is infheidhme i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais nó náisiúnta/arna leagan síos ag an eagraíocht a bhainistíonn an ATFC*

Níor cheart Roinn 22(1)(1) den Ghníomh Feidearálach um Fhíon (*Weingesetz*) a shrianadh.

f) *Údaráis rialaithe*

Rinneadh seoltaí agus cúraimí na n-údarás rialaithe a nuashonrú mar seo a leanas:

Landesamt für Verbraucherschutz (Oifig na Sárlainne um Chosaint Tomhaltóirí)
Konrad-Zuse-Straße 11
66115 Saarbrücken
AN GHEARMÁIN

Líne dhíreach: +49 68199784500

Facs +49 68199784497

R-phost: poststelle@lav.saarland.de

Landwirtschaftskammer für das Saarland (Comhlachas Talmhaíochta na Sárlainne)
In der Kolling 310
66450 Bexbach
AN GHEARMÁIN

Teileafón: +49 6826828950

Facs +49 68268289560

R-phost: info@lwk-saarland.de

Tá an Oifig Fheidearálach um Thalmhaíocht agus Bhia freagrach as planduithe nua. Tá Comhlachas Talmhaíochta na Sárlainne as athphlandú a údarú. Rinneadh an tsonraíocht táirge a oiriúnú do na himthosca.

g) *Eile*

Rinneadh an nasc leis an limistéar a shoiléiriú i roinnt cásanna. Meastar gur leasuithe caighdeánacha iad na hathruithe sin i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 mar nach gcuireann siad ar neamhní an nasc leis an limistéar geografach.

Cuireadh na catagóirí reatha de tháirgí fíniúna san áireamh sa tsonraíocht táirge (uimhir 2). Ní dhearnadh aon athruithe de nádúr substainteach.

Rinneadh athruithe eagarthóireachta breise i gcomhréir le rialacha an Aontais.

2. **Cúiseanna leis na hathruithe**

Ba ghá na leasuithe uile chun an doiciméad a oiriúnú d'fhírinne na ndálaí ar an talamh:

a) Rinneadh an tuairisc ar na fíonta a oiriúnú do na fíonta a tháirgtear iarbhír.

b) Níor síneadh críochnú na mbardas fíonsaothrúcháin sa tSárlainn. Rinneadh an tuairisc ar na hionaid a oiriúnú do na dálaí iarbhír. Cuireadh léarscáileanna ina bhfuil na bardais liostaithe leis freisin. Síneadh táirgeadh fíona chuig an tSárlainn go léir.

c) Laghdaíodh an uastáirgeacht in aghaidh an heicteáir go 120 hl/ha chun cáilíocht níos fearr a bhaint amach freisin sa réigiún ina tháirgtear 'Saarländischer Landwein'.

Cuireadh cineálacha nua fíonchaor leis a chumasaíonn táirgeoirí oiriúnú d'athruithe sa talmhaíocht.

d) Tá na cineálacha Muscaris, Sauvignac, Souvignier Gris agus Satin Noir á saothrú anois agus é cruthaithe acu a luachmhaire is atá siad. Tá fíonta a dhéantar de na cineálacha sin comhréireach leis an tsonraíocht táirge.

Níl na cineálacha a liostaítear thíos á saothrú ach tá siad de cháilíocht oiriúnach agus tá siad oiriúnach do phróifíl ATFC 'Saarländischer Landwein':

Calardis Blanc

Is saintréith d'fhíonta ón gcineál sin fíniúna aigéadacht úr, aibí agus tá dea-bholadh orthu ina bhfuil fíneáltacht shaibhir, le cumhracht píosa beag spíosrach, atá i gcomhréir leis an tsonraíocht táirge a cheanglaítear. Anuas air sin, beidh na nirt alcóil mheasartha a fhaightear as an gcineál sin fíonchaoire ina mbuntáiste amach anseo.

Calardis Musqué

Táirgeann an cineál sin fíonchaoire fíonta geala tathagacha ag a bhfuil cumhracht uathúil, choimhthíoch, dea-bholaithe casta torthaí agus aigéadacht bheoga, aibí. Is minic go léiríonn na fíonta imir de noitmig, agus is amhlaidh sin le haghaidh na gcineálacha ar an liosta reatha d'fhíonta geala. Is minic a fhaightear dea-bholaidh coimhthíocha, mar shampla, de pháiseog, mhangó, anann agus physalis, agus dá bhrí sin tá siad i gcomhréir leis an tsonraíocht táirge.

Rosa Chardonnay

Freisin comhlíonann an cineál sin Chardonnay, mar is amhlaidh don Chardonnay atá ar an liosta cheana, coinníollacha na sonraíochta táirge. Cosúil le cineál Chardonnay, éiríonn go maith freisin leis an Rosa Chardonnay ar ár gcuid ithreacha atá cailcreach den chuid is mó, agus is gnách go dtáirgeann sé fíonta tathagacha íseal-aigéid a léiríonn a thionscnamh.

Felicia

Tá dea-bholaithe bláthacha mar shaintréith don chumhracht, agus i roinnt blianta meascann siad le himir fhíneáilte agus dheas de noitmig. Tá struchtúr aigéid chomhchuí ag an bhfíon a dhéantar as agus, tá sé oiriúnach, faoi seach, don tsonraíocht táirge.

Grüner Silvaner

I gcás ina shroichtear an chéim cheart d'aibíocht agus go bhfuil táirgeachtaí ró-ard, táirgeann an cineál sin fíonta comhchuí le haigéadacht mhín agus boladh fíneáilte orthu. Bíonn tionchar an-mhór ag an ionad agus na dálaí ithreach ar charachtar na bhfíonta a dhéantar de chineál Silvaner. Féadann Grüner Silvaner fíonta a tháirgeadh atá comhréireach leis an tsonraíocht táirge, ar táscaire den scoth iad ar an terroir.

Helios

Tá fíonta Helios cumhachtach, torthaíoch agus cosúil le cineál Müller-Thurgau atá ar an liosta de chineálacha fíonchaoire cheana. Dá bhrí sin tá an cineál sin i gcomhréir leis an tsonraíocht táirge a cheanglaítear.

Sauvignon Cita

Táirgeann an cineál sin fíonchaoire fíonta torthaíochta, geala, cumhachtacha cosúil leis an Sauvignon Blanc, le blasanna soiléire de chitreas. Is féidir fíonta atá i gcomhréir leis an tsonraíocht táirge a tháirgeadh ó chineál Sauvignon Cita, ar stíl Sauvignon Blanc, atá san áireamh sa liosta cheana, agus a bhfuil siad cosúil leis.

Sauvignon Gryn

Faightear go comhsheasmhach go bhfuil fíonta a dhéantar de chineál Sauvignon Gryn torthaíoch agus galánta, cosúil leis an Sauvignon Blanc, agus marthanach. Is féidir fíonta atá i gcomhréir leis an tsonraíocht táirge a tháirgeadh ó chineál Sauvignon Gryn, ar stíl Sauvignon Blanc, atá san áireamh sa liosta cheana, agus a bhfuil siad cosúil leis.

Sauvignon Sary

Táirgeann an cineál sin fíonchaoire fíonta torthaíochta, geala cosúil leis an Sauvignon Blanc. Is féidir fíonta atá i gcomhréir leis an tsonraíocht táirge a tháirgeadh ó chineál Sauvignon Sary, ar stíl Sauvignon Blanc, atá san áireamh sa liosta cheana, agus a bhfuil siad cosúil leis.

Sauvitage

Tá dea-bholadh coimhthíoch, úr ag fíonta a dhéantar de chineál Sauvitage agus gabhann carachtar comhchuí leo. Measctar dea-bholadh aibí agus torthaíoch Sauvignon Blanc e.g. spíonáin, le struchtúr aigéid chomhchuí, séimh agus, ós rud é go bhfuil cineál Sauvignon Blanc san áireamh ar an liosta cheana, tá sé i gcomhréir leis an tsonraíocht táirge.

Cabernet Franc

Is minic a bhíonn tathag éadrom ag fíon Cabernet Franc agus luibheanna chomh maith le himireacha torthaíochta de shú craobh agus shú talún ag gabháil leis. Meastar an fíon mar shiblín níos óige ag an Cabernet Sauvignon agus, cosúil leis an dara ceann atá san áireamh ar an liosta cheana, tá sé i gcomhréir leis an tsonraíocht táirge.

Gamay Noir

Tá fíonta a dhéantar de chineál Gamay Noir úr agus éadrom, agus dea-bholaithe sú craobh agus silíní orthu. Cineál eile é sin a éiríonn go maith in ithreacha cailcreacha. Anuas air sin, is fada go bhfuil Beaujolais ar chaighdeán den scoth á tháirgeadh de. Meastar go bhfuil an cineál sin oiriúnach don phróifíl riachtanach ón tsonraíocht táirge.

Pinotin

Cineál fíniúna atá tíosach ar acmhainní a tháirgeann blas de shilíní dubh agus é nasctha le struchtúr tainneach comhchuí, bog. Agus saintréithe inaitheanta de Pinot Noir, atá san áireamh cheana ar liosta na gcineálacha, ag gabháil leis, is féidir é a chuimsiú sa phróifíl táirge riachtanach.

e) Níor cheart Roinn 22(1)(1) den Ghníomh Feidearálach um Fhíon (*Weingesetz*) a shrianadh.

f) Rinneadh seoltaí na n-údarás rialúcháin a cheartú agus a oiriúnú.

g) Rinneadh an tuairisc ar an nasc leis an limistéar geografach a shoiléiriú chun an tsonraíocht táirge a oiriúnú d'fhírinne na ndálaí ar an talamh.

Ba sa doiciméad aonair amháin a raibh na catagóirí de tháirgí fíniúna léirithe. Mar thoradh ar an bhfeidhm sin, léireofar iad freisin sa tsonraíocht táirge. De thoradh na heagarthóireachta amháin a bhfuiltear á gcur leis an tsonraíocht agus dá bhrí sin meastar gur leasú caighdeánach é.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm an táirge**

Saarländischer Landwein

2. **Cineál táisc gheografaigh**

TGFC – Tásc geografach faoi chosaint

3. **Catagóirí táirgí fíniúna**

1. Fíon

4. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fionnta**

—

1. *Fíon, geal*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Fíonta aonchineálacha iad an chuid is mó de na fíonta geala. Is minic dá bhrí sin go mbíonn saintréith mhín torthaí acu atá sonrach don chineál fíniúna. I bhformhór na gcásanna, bíonn aigéadacht láidir acu chomh maith le struchtúr aigéid chomhchuí. Ar an iomlán, is minic a bhíonn tathag torthaíoch fíneáilte acu atá mar shaintréith den bhlas foriomlán. Is féidir (freisin) réimse níos éagsúla de dhea-bholaithe agus de dhathanna (suas go oráiste) a bheith ann nó, nuair a chroitear iad, modarthacht nádúrtha shuntasach (e.g. ó ghiosta coipthe, moirt úrfhíona nó tainnin agus dríodar criostail). Ní cheadaítear, áfach, modarthacht a chruthaítear go saorga trí háiseanna próiseála a chur leis an bhfíon nó mar thoradh ar fhabhtanna san fhíon. Féadfaidh (dá bhrí sin) níos lú de shaintréith thipiciúil na gcineálacha agus carachtar nach bhfuil chomh torthaíoch céanna a bheith sa chumhracht i dteannta le blasanna ocsaídiúcháin, feanólacha nó réaduchtacha. Ag brath ar stíl (roghnaithe) an fhíona, féadfar fíonta atá tainneach agus beagán aigéadach a fháil freisin.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	
Íosmhéid aigéadachta iomláine	
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

2. *Fíon, rosé agus Blanc de Noir*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Táirgtear na fíonta rosé ó chineálacha fíonchaor dearg a fháisctear go séimh agus is gnách go mbíonn dath dearg éadrom orthu. Tá siad difriúil leis na fíonta dearga mar gheall ar a stíl úr, níos éadroime agus a gcion nádúrtha tainnine. Cosúil leis na fíonta geala, bíonn blas atá idir mín agus saibhir acu de ghnáth chomh maith le struchtúr aigéid fíneálta ach comhchuí. Bíonn dath fíona ghil ar fhíonta Blanc de Noir. Baineann dea-bholaithe fíneálta de thorthaí agus chaora dearga leo, chomh maith le haigéadacht úr, spleodrach leo de ghnáth. Is féidir (freisin) réimse níos éagsúla de dhea-bholaithe agus de dhathanna a bheith ann nó, nuair a chroitear iad, modarthacht nádúrtha shuntasach (e.g. ó ghiosta coipthe, moirt úrfhíona nó tainnin agus dríodar criostail). Ní cheadaítear, áfach, modarthacht a chruthaítear go saorga trí háiseanna próiseála a chur leis an bhfíon nó mar thoradh ar fhabhtanna san fhíon. Féadfaidh (dá bhrí sin) níos lú de shaintréith thipiciúil na gcineálacha agus carachtar nach bhfuil chomh torthaíoch céanna a bheith sa chumhracht i dteannta le blasanna ocsaídiúcháin, feanólacha nó réaduchtacha. Ag brath ar stíl (roghnaithe) an fhíona, féadfar fíonta atá tainneach a aimsiú freisin.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	
Íosmhéid aigéadachta iomláine	
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

3. *Fíon, dearg*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Ag brath ar an gcineál fíonchaoire, is gnách go mbíonn dath dearg soiléir ar na fíonta dearga. Ag brath ar an gcaoi a n-aosaítear na fíonta, féadfaidh siad a bheith úr, mín agus torthaíoch, nó tathagach freisin. Is minic a bhíonn dea-bholaithe torthaí chun tosaigh sa bhlas. Bíonn blas atá idir mín agus saibhir acu go ginearálta chomh maith le struchtúr aigéid úir den chuid is mó. Is féidir (freisin) réimse níos éagsúla de dhea-bholaithe agus de dhathanna a bheith ann nó, nuair a chroitear iad, modarthacht nádúrtha shuntasach (e.g. ó ghiosta coipthe, moirt úrfhíona nó tainnin agus dríodar criostail). Ní cheadaítear, áfach, modarthacht a chruthaítear go saorga trí háiseanna próiseála a chur leis an bhfíon nó mar thoradh ar fhabhtanna san fhíon. Féadfaidh (dá bhrí sin) níos lú de shaintréith thipiciúil na gcineálacha agus carachtar nach bhfuil chomh torthaíoch céanna a bheith sa chumhracht i dteannta le blasanna ocsaídiúcháin, feanólacha nó réaduchtacha. Ag brath ar stíl (roghnaithe) an fhíona, féadfar fíonta atá tainneach agus beagán aigéadach a fháil freisin.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	
Íosmhéid aigéadachta iomláine	
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

4. *Fíon, Rotling*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Ag brath ar an rogha maidir leis an gcineál fíniúna, bíonn dath dearg éadrom idir meathdhearg agus dearg láidir ar na fíonta Rotling den chuid is mó. Bíonn a gcuid dea-bholaithe sách torthaíoch de ghnáth, agus uaireanta bíonn siad píosa beag spíosrach. Ag brath ar an gcineál fíniúna a úsáidtear, d'fhéadfadh an tsaintréith torthaí a athrú. Bíonn blas atá idir mín agus saibhir acu go ginearálta chomh maith le struchtúr aigéid úir den chuid is mó. Is féidir réimse níos éagsúla de dhea-bholaithe agus de dhathanna a bheith ann nó, nuair a chroitear iad, modarthacht nádúrtha shuntasach (e.g. ó ghiosta coipthe, moirt úrfhíona nó tainnin agus dríodar criostail). Ní cheadaítear, áfach, modarthacht a chruthaítear go saorga trí háiseanna próiseála a chur leis an bhfíon nó mar thoradh ar fhabhtanna san fhíon. Féadfaidh (dá bhrí sin) níos lú de shaintréith thipiciúil na gcineálacha agus carachtar nach bhfuil chomh torthaíoch céanna a bheith sa chumhracht i dteannta le blasanna ocsaídiúcháin, feanólacha nó réaduchtacha. Ag brath ar stíl (roghnaithe) an fhíona, féadfar fíonta atá tainneach agus beagán aigéadach a fháil freisin.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	
Íosmhéid aigéadachta iomláine	
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

5. **Cleachtais fíon oireachta**

5.1. ***Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha***

1. *Fíon*

Cleachtas fíoneolaíochta sonrach

Tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

2. *Fíon*

Srianadh ábhartha maidir leis na fíonta a dhéanamh

Tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

3. *Fíon*

Cleachtais saothraithe

Tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

5.2. ***Uastáirgeacht***

1. *Fíon*

120 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Cuimsíonn an tásc geografach faoi chosaint:

limistéir atá suite laistigh de na bailte agus na bardais Merzig, Mettlach agus Beckingen i gceantar tuaithe Merzig-Wadern,

limistéir atá suite laistigh de na bailte agus na bardais Rehlingen-Siersburg, Dillingen, Wallerfangen, Saarlouis, Ensdorf, Bous agus Wadgassen i gceantar tuaithe Saarlouis,

limistéir atá suite laistigh de na bailte agus na bardais Mandelbachtal, Gersheim, Blieskastel, Homburg, Kirkel agus Bexbach i gceantar Saarpfalz,

limistéir atá suite laistigh de na bailte agus na bardais Völklingen, Saarbrücken, Kleinblittersdorf in údarás réigiúnach Saarbrücken,

limistéir atá suite laistigh de na bailte agus na bardais Neunkirchen agus Ottweiler i gceantar tuaithe Neunkirchen,

agus limistéir atá suite laistigh de na bailte agus na bardais St Wendel, Oberthal agus Nohfelden i gceantar tuaithe St Wendel.

Is féidir an críochú beacht a fheiceáil ar léarscáileanna a thaispeánann teorainneacha na mbardas. Is féidir breathnú ar na léarscáileanna sin ag www.ble.de/eu-qualitaetskennzeichen-wein.

Ní mór 'Saarländischer Landwein' a tháirgeadh sa tSárlainn nó sa stát feidearálach comharsanach Dúiche na Réine-An Phalaitíneacht.

7. **Cineál/cineálacha fíonchaor**

Auxerrois - Auxerrois blanc, Pinot Auxerrois

Bacchus

Blauer Frühburgunder - Pinot Noir Précoce, Pinot Madeleine, Madeleine Noir, Frühburgunder, Pinot Madelaine

Blauer Spätburgunder

Bronner

Cabernet Blanc

Cabernet Cortis

Cabernet Dorsa

Cabernet Franc

Cabernet Sauvignon

Calardis Blanc

Calardis Musqué

Chardonnay

Dornfelder

Felicia

Gamay noir

Gelber Muskateller

Goldriesling

Grüner Silvaner - Silvaner, Sylvaner

Helios

Johanniter

Kerner

Merlot

Muscaris

Müller Thurgau - Rivaner

Müllerrebe - Schwarzriesling, Pinot Meunier

Phoenix - Phönix

Pinotin

Regent

Rondo

Rosé Chardonnay - Chardonnay, Rosa Chardonnay, Chardonnay Rosé

Roter Elbling - Elbling Rouge

Roter Gutedel - Chasselas Rouge, Fendant Rouge

Ruländer - Pinot Grigio, Grauburgunder, Grauer Burgunder, Pino Gris

Satin Noir

Sauvignac

Sauvignon Blanc - Muskat Silvaner

Sauvignon Cita

Sauvignon Gryn

Sauvignon Sary

Sauvitage

Solaris

Souvignier Gris

Weißer Burgunder - Pinot Bianco, Weißburgunder, Pinot Blanc

Weißer Elbling - Elbling, Kleinberger

Weißer Gutedel - Chasselas Blanc, Fendant Blanc, Fendant

Weißer Riesling - Riesling Renano, Rheinriesling, Klingenberger, Riesling

8. **Tuairisc ar an nasc (na naisc)**

Síneann an limistéar fíonsaothrúcháin feadh imeall thoir Imchuach Pháras sa tSárlainn áit ina bhfuil dálaí maith don fhíonsaothrú ar ghearrthacha an ghleanna a bhfuil a aghaidh ó dheas agus a dhéantar ag aibhneacha Saar, Nied agus Biles. Aibíonn fíonta úra Landwein ar ithreacha a bhfuil aolchloch shliogánach agus Keuper mar phríomh-shaintréith díobh, ag airdí idir 150 agus 400 m os cionn leibhéal na farraige, le 800 go 1 000 mm de bháisteach in aghaidh na bliana agus líon mór laethanta gréine. Go háirithe i Bliesgau, ach freisin i Saargau in aice le Merzig, síneann gaineamhchloch bhreac Fhoraois na Palaitíneachta isteach san aolchloch shliogánach, agus táirgeann sí fíonta fíneáilte le struchtúr mín. Cabhraíonn an leibhéal ard de chumhdach foraoise (thart ar thrian) le teocht agus taise a chothromú go héifeachtach. Táirgeann difríochtaí measartha idir rilíf, i dteannta le líonra leathan aibhneacha arna fhorlíonadh ag neart limistéar maoltaoide, dálaí maithe (níos fairsinge) don fhíonsaothrú. Is iad geolaíocht, dálaí aeráide agus nochtadh na bhfíonghort a thugann a gcuid saintréithe sonracha d'fhíonta Landwein.

Nasc cúisíoch

Maidir leis an gcuid is mó de na hionaid, tá a n-aghaidheanna ó dheas agus mar thoradh air sin faightear go leor gréine i rith an lae. Mar gheall ar oícheanta fionnuara sroichtear an aibíocht fhiseolaíoch go mall agus dá bhrí sin bíonn torthaíocht chothrom ag na fíonta.

9. **Coinníollacha breise fíor-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil:

Arna leagan síos ag eagraíocht a bhainistíonn an ATFC, TGFC, áit a bhforáiltear dó ag na Ballstáit.

An cineál coinníll bhreise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

— Ní fhéadfaidh cion iarmharach siúcra fíona arna mhargú mar ‘Landwein’ an t-uasluach incheadaithe a shárú don tásc ‘leath-thirim’.

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

— Ní mór don chomhlacht ábhartha an buidéalaí a chur san áireamh de réir an dhlí an stáit fheidearálaigh sa chóras le haghaidh seiceálacha ar chomhlíontacht le sonraíochtaí reatha tháirge Landwein.

— Chun go n-ainmneofaí fíon mar ‘Saarländischer Landwein’ ní mór go dtiocfadh 85 faoin gcéad ar a laghad de na fíonchaora a úsáidtear ón réigiún a tháirgeann ‘Landwein’ a thaispeántar ar ainm an fhíona. Ní fhéadfaidh an céatadán eile, lena n-áirítear táirgí a úsáidtear um milsiú, teacht ach ó fhíonchaora de thionscnamh réigiún eile a tháirgeann ‘Landwein’.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

www.ble.de/eu-qualitaetskennzeichen-wein